# Droichead - Samhail Idirscoile

* A d'oirfeadh do scoileanna nach bhfuil ar a gcumas Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) inmheánach a chruthú.

**Cad is Samhail Idirscoile ann?**

Is éard atá i gceist anseo dhá scoil a oibríonn le chéile chun próiseas Droichead a thairiscint do mhúinteoir nua-cháilithe (MNC) amháin ar a laghad. Seans gurb é seo an tslí is éifeachtaí le comhFTG a chruthú i gcás dhá scoil nó níos mó atá suite gar dá chéile le gur féidir próiseas Droichead a chur ar fáil i scoil amháin nó níos mó. Moltar ball lánoilte FTG amháin ar a laghad a bheith ag gach scoil agus caithfidh ball lánoilte FTG amháin ar a laghad a bheith i scoil an MNC. Sheolfadh an fhoireann idirscoile seo gníomhaíochtaí ionduchtaithe leis an MNC/anna agus thacódh an fhoireann leis an MNC ar aon dul lena riachtanais. Ar mhaithe le soiléire, glacfaimid leis go bhfuil dhá scoil ag obair le chéile chun tacú le MNC amháin ar a laghad.

**Cén fáth?**

Thacódh an tsamhail seo le scoileanna aonair nach bhféadfadh FTG a bhunú ina scoil féin. Is féidir go mbainfeadh sé sin le méid na scoile (m.sh. scoil dhá mhúinteoir), suíomh na scoile (m.sh. scoil oileáin) agus bheadh sé oiriúnach, leis, dá mbeadh an MNC i bpost comhroinnte Riachtanas Speisialta Oideachais (Bunscoile) nó i scoil iar-bhunoideachais ag múineadh ábhar ar leith in dhá scoil, m.sh. Ealaín, Ceol srl. Sa chás deiridh seo, b'fhearr foireann FTG oilte a bheith sa dá scoil. Mar sin féin, ní mór an scoil bhunáite a oilúint, ach amháin má mheasann an Chomhairle Múinteoireachta gur cás eisceachtúil é. Shocródh an Chomhairle Múinteoireachta é sin ar bhonn cáis.

**Conas?**

Sheolfaí an próiseas ar shlí chomhoibritheach mar shamhail in-scoile agus tharlódh na hidirghníomhaíochtaí leis an FTG agus/nó MNC ar an láthair nó ar ardán ar líne. Dhéanfadh an FTG an MNC a threorú agus a thacú le linn an ionduchtaithe scoilbhunaithe agus shíneofaí dearbhú i bpáirt níos déanaí leis an MNC go raibh an MNC páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama. Bheadh am scaoilte ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí ionduchtaithe. Ceadaítear am scaoilte ar

aon dul le líon na MNCanna i ngach scoil. De ghnáth, leanann an t-am scaoilte an MNC.

Seo roinnt samplaí:

- Tá MNC amháin ag Scoil A agus MNC amháin ag Scoil B = 4 lá scaoilte (bunscoile) nó 22 uair an chloig (iar-bhunscoile) in aghaidh na scoile.
- Tá MNC amháin ag Scoil A ach níl aon cheann ag Scoil B = 4 lá scaoilte san iomlán (bunscoile) nó 22 uair an chloig (iar-bhunscoile). Sa chás seo, ba ghá don dá scoil teacht aon chomhaontú faoin tslí leis an am scaoilte a chomhroinnt idir na scoileanna.

Thabharfaí tús áite do riachtanais an MNC/anna agus úsáid á baint as an am scaoilte. Bheadh líon teoranta ama/laethanta lánroghnacha ag An Rannóg Ionduchtáin Oide Droichead a d'fhéadfaí a leithdháileadh i gcás ina raibh gá le tacaíocht bhreise.